



# Caibidil 4 – Sóisialta agus Pobal

*“Forbairt pobail shláintiúla, inbhuanaithe, uilechuimsitheacha a sholáthar agus a éascú atá comhtháite le seachadadh tráthúil raon leathan saoráidí pobail, sóisialta, oideachais, áineasa agus cultúrtha ina gcuirtear inrochtaineacht agus cuimsiú sóisialta ar fáil do chách, ag cinntiú go bhforbraíonn Contae Lú mar shuíomh le cáilíocht bheatha fheabhsaithe dá shaoránaigh agus do chuirteoirí araon ”.*

## 4 Sóisialta agus Pobal

### 4.1 Réamhrá

Is príomhghné é pobail atá sláintiúil, láidir agus ionchuimsitheach go sóisialta a thógáil chun pobail inbhuanaithe a bhaint amach agus is téama leathan é seo sa Phlean. Éilíonn *an tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú)*, go gcuimsíonn pleananna forbartha cuspóirí maidir le pleanáil agus forbairt inbhuanaithe an cheantair a chomhtháthú le riachtanais shóisialta, phobail agus chultúrtha an cheantair agus a dhaonra.

Cuireann an Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch (RSES) béim ar thábhacht na timpeallachta fisiciúla agus sóisialta agus an áit ina mairimid nó a n-oibrímid, agus a tionchar ar shláinte agus folláine choirp agus mheabhrach daoine. Leagtar amach ann go n-éileoidh an fócas ar fhás dlúth agus dlúis mhéadaithe i gceantair uirbeacha ailíniú níos mó idir forbairt pobail agus soláthar agus pleanáil spásanna oscailte, chun freastal ar riachtanais áineasa agus taitneamhachta na bpobal. Chuir na treoirphrionsabail 'Cáilíocht na Beatha' atá leagtha amach san RSES bonn eolais faoi na cuspóirí beartais sa chaibidil seo.

Maidir leis seo, éascóidh an Chomhairle seachadadh bonneagair inbhuanaithe pobail, sóisialta agus cultúrtha a chuirfidh le cáilíocht na beatha, a chuirfidh Contae Lú chun cinn mar áit chónaithe agus oibre agus a fhreastalóidh ar riachtanais na bpobal sa Chontae atá ann agus a bheidh ann amach anseo. Tá seachadadh bonneagair pobail lárnach chun pobail shláintiúla inbhuanaithe a thógáil agus áiteanna rathúla a sheachadadh.

Is réamhriachtanas é rochtain ar sheirbhísí oideachais, sláinte agus tacaíochta pobail, áiseanna fóillíochta, lena n-áirítear áiseanna do dhaoine faoi mhíchumas a sholáthar mar iad siúd atá leagtha amach ag 'Changing Places Ireland' agus timpeallacht thógtha tharraingteach ar ardchaighdeán chun pobail shláintiúla inbhuanaithe a chruthú.

Teastaíonn cur chuige comhoibritheach ó na páirtithe leasmhara go léir chun saoráidí pobail a shainaitheint agus a sholáthar ar bhonn leanúnach, lena chinntiú go gcuirtear saoráidí iomchuí ar fáil nuair is gá, eadhon, stáit, údarás áitiúil, grúpaí pobail agus an earnáil phríobháideach. Tá ról lárnach ag an gComhairle maidir leis na riachtanais aitheanta seo a éascú agus tacú leo.

### 4.2 Ionchuisiú Sóisialta

Is príomhchuspóir é an tIonchuisiú Sóisialta ar leibhéal Náisiúnta, Réigiúnach agus Áitiúil. Tagraíonn sé don chaoi a ndéantar gach duine i bpobal a chomhtháthú ar bhealach comhionann trí bhacainní ar rannpháirtíocht a laghdú. Bíonn tionchar aige ar fholláine daoine aonair, folláine teaghlach, folláine ghrúpaí sóisialta agus folláine na bpobal. Is dúshlán mór é sochaí atá níos uilechuimsithí go sóisialta a chruthú trí eisiámh sóisialta, bochtaineacht agus díothacht a mhaolú, ach tá sé riachtanach chun a chinntiú go mbeidh na deiseanna agus na hacmhainní acu siúd atá i mbaol páirt iomlán a ghlacadh sa saol eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha, taitneamh a bhaint as caighdeán maireachtála agus folláine a mheastar a bheith gnáth i sochaí an lae inniu.

I measc na gcéimeanna i dtreo sochaí atá níos cuimsithí go sóisialta a bhaint amach tá soláthar tithíochta inacmhainne ar ardchaighdeán, bonneagar pobail agus rochtain ar fhaisnéis agus acmhainní a fheabhsú. Tá sé tábhachtach mar sin go ndéantar ár dtimpeallachtaí maireachtála, oibre agus fóillíochta a dheardh agus a chothabháil ar bhealach atá inrochtana do chách.

Tá cuspóirí beartais an Phlean, a thacaíonn agus a chuireann forbairt pobail inbhuanaithe le réimse poiblí ar ardchaighdeán, rochtain ar thithíocht, oideachas, áiseanna pobail, bonneagar sóisialta agus iompar poiblí, lárnach i gcur chun cinn an ionchuisithe shóisialta sa Chontae. Tá an Chomhairle lántiomanta do shochaí atá níos cuimsithí go sóisialta a fhorbairt agus rannpháirtíocht agus rochtain do chách a chur chun cinn.

### **4.3 Rannpháirtíocht an Phobail**

Bhí ról tábhachtach ag earnáil phobail agus dheonach Chontae Lú i bhforbairt pobail a chur chun cinn agus i soláthar seirbhíse a mhéadú sa Chontae. Ní féidir luach na hearnála seo a mheas faoina luach i dtéarmaí a hacmhainní agus a soláthair seirbhíse agus na buntáistí foriomlána dá bharr don Chontae. Go deimhin baineann cur i bhfeidhm rathúil bheartais shóisialta, phobail, fóillíochta agus chultúrtha na Comhairle leas as cur chuige comhoibritheach idir an Chomhairle, comhlachtaí reachtúla eile, forbróirí príobháideacha agus an earnáil pobail agus dheonach.




Is bealach é Líonra Rannpháirtíochta Poiblí Lú (PPN) trínar féidir le pobail ceangal leis an gComhairle agus teagmháil a dhéanamh léi, trí na heagraíochtaí a bhaineann leis an gcomhshaol, ionchuisiú sóisialta an pobal agus eagraíochtaí deonacha. Tá sé mar aidhm aige a chinntiú go mbeidh guth ag pobail i gContae Lú sa daonlathas áitiúil.

Cinntíonn an PPN rochtain ar fhaisnéis faoi mhaoiniú, imeachtaí oiliúna, líonrú, bailiú faisnéise ar chinntí na Comhairle, agus ionchur i mbeartas.

Leanfaidh an Chomhairle ag tacú agus ag cabhrú le heagraíochtaí pobail agus deonacha ar fud an Chontae. Tá sé tábhachtach go ndéantar ár dtimpeallachtaí maireachtála, oibre agus fóillíochta a dheardh agus a chothabháil ar bhealach atá inrochtana do chách. Tá cuspóirí beartais an Phlean, a thacaíonn le forbairt pobail inbhuanaithe i gcomhar le réimse poiblí ar ardchaighdeán, rochtain ar thithíocht, áiseanna pobail, oideachas, fostaíocht agus iompar poiblí lárnach i gcur chun cinn an ionchuisithe shóisialta sa Chontae. Tá an Chomhairle lántiomanta do shochaí atá níos cuimsithí go sóisialta a fhorbairt agus rannpháirtíocht agus rochtain do chách a chur chun cinn.

### **4.4 Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chontae Lú (LECP)**

Ceanglaíodh ar gach údarás áitiúil, san *Acht Rialtais Áitiúil 2014*, LECP comhtháite a ullmhú, a shaináithníonn cuspóirí agus gníomhartha chun forbairt eacnamaíoch agus pobail sa Chontae a neartú. Ghlac Comhairle Contae Lú le *Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chontae Lú 2016 -2022*, i mí an Mhárta 2016. Is cuid lárnach é de ról an údaráis áitiúil i bhforbairt gnéithe eacnamaíochta agus pobail áitiúla na Comhairle thar an tréimhse 6 bliana.



Rud atá tábhachtach, tá an LECP bunaithe ar an tsraith níos leithne straitéisí agus pleananna Náisiúnta, Réigiúnacha agus Áitiúla agus cuireann sé leis agus caithfidh a spriocanna agus a chuspóirí ardleibhéil a bheith comhsheasmhach, lena n-áirítear leis an RSES agus leis an bPlean Forbartha Contae.

Is é Plean Forbartha an Chontae é, a sholáthraíonn an straitéis spásúil chun cuspóirí agus gníomhartha an LECP a réadú, ar bhealach inbhuanaithe agus pleanáilte.

Is iad seo a leanas spriocanna ardleibhéil an LECP maidir leis an bpobal:

**Sprioc 1:** Folláine agus cáilíocht na beatha a chumasú chun tacú le pobail atá sábháilte, a bhfuil teacht aniar iontu, agus atá neamhspleách;

**Sprioc 2:** A chinntiú gur féidir le gach duine rochtain a fháil ar oideachas, forbairt scileanna agus foghlaim ar feadh an tsaoil agus páirt a ghlacadh ann;

**Sprioc 3:** Comhionannas deiseanna a chruthú dóibh siúd atá i mbochtaineacht, aonrú agus eisiaim sóisialta;

**Sprioc 4:** Timpeallachtaí agus coinníollacha a sholáthar a thacaíonn le saol sláintiúil, féinstiúrtha, sásta agus fiúntach;

**Sprioc 5:** Ár leanaí agus daoine óga a chothú agus a fhorbairt ón luath-óige go dtí tús na haosachta;

**Sprioc 6:** Glac leis agus cothaigh an chaoi a gcuireann daoine scothaosta lenár bpobail;

**Sprioc 7:** Nuálaíocht phobail, fiontraíocht agus fiontar a chumhachtú chun tacú le forbairt eacnamaíoch uirbeach agus tuaithe; agus

**Sprioc 8:** Luach a chur ar ár n-oidhreacht thógtha agus ar ár dtimpeallacht nádúrtha, agus iad a chothú, chun saol na ndaoine a chónaíonn, a oibríonn agus a thugann cuairt ar an gcontae a fheabhsú.

Cuspóir Beartais	
SP 1	Dul i dteagmháil leis an gCoiste Áitiúil Pobail agus Forbartha, gníomhaireachtaí forbartha, grúpaí pobail agus páirtithe leasmhara éagsúla chun tacú le cur i bhfeidhm an Phlean Forbartha Eacnamaíochta agus Pobail Áitiúil 2016-2021 agus aon phleananna ina dhiaidh sin.

#### 4.4.1 Éire Shláintiúil - Plean Chontae Lú 2018-2022

Is tionscnamh faoi stiúir an rialtais é Éire Shláintiúil atá dírithe ar shláinte agus folláine gach duine a chónaíonn in Éirinn a fheabhsú, le ceithre sprioc ardleibhéil agus gníomhartha gaolmhara. Ionchorpraíodh iad seo le seachadadh ag leibhéal áitiúil i LECP Lú.

Chuir an Chomhairle *Éire Shláintiúil - Plean Chontae Lú 2018-2022* le chéile, a chomhtháthaíonn go hiomlán le LECP Lú agus a thacaíonn leis an bhfís fhoriomlán seo a leanas:

*“Contae rathúil, bródúil, sábháilte agus uilechuimsitheach a bheidh i Lú ina mbeidh daoine ag iarraidh cónaí, obair, cuairt a thabhairt air agus infheistíocht a dhéanamh agus áit a bhfuil comhdheiseanna ann do chách”.*

Forbraíodh sraith eile Pleananna gaolmhara lena n-áirítear *Lú - Plean Cuimsithe Míchumais 2017-2022*, *Plean Aoisbháúil Chontae Lú 2017-2022*, *Lú - Ár n-Acmhainneacht Tuaithe a Fhíorú agus Lú - Dochar a Laghdú, Tacú le Téarnamh*.

##### Cuspóir Beartais

**SP 2** Cuidiú le cur chun feidhme an *Éire Shláintiúil - Plean Chontae Lú 2018-2022* agus/nó aon Phlean ina dhiaidh sin a ullmhófar le linn shaolré an Phlean Forbartha.

##### Cuspóir Beartais

**SP 3** Tacú le cuspóirí an bheartais sláinte poiblí lena n-áirítear *Éire Shláintiúil* agus an *Plean Náisiúnta Gníomhaíochta Coirp*, trí bheartais den sórt sin a chomhtháthú, nuair is iomchuí agus ar scála is infheidhme.

#### 4.4.2 Daoine faoi Mhíchumas

Cuspóir *An Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais 2017-2022* is ea cur chuige iomlán an Rialtais a sholáthar chun saol daoine faoi mhíchumas a fheabhsú. Le naisc leis an LECP agus le *hÉire Shláintiúil - Plean Chontae Lú*, forbraíodh *Plean Cuimsithe Míchumais Chontae Lú 2017-2022*. Anseo tá 10 guspóir, lena n-áirítear na nithe seo a leanas: Spás Sábháilte agus Inrochtana, Saol Pobail Laethúil agus Gníomhaíochtaí, Maireachtaíil Neamhspleách agus Iompar Inrochtana.

##### Cuspóir Beartais

**SP 4** Cuidiú le cur chun feidhme *Phlean Cuimsithe Míchumais Chontae Lú 2017-2022* agus aon Phlean ina dhiaidh sin a ullmhófar le linn shaolré an Phlean Forbartha.

#### 4.4.3 Aoisbháúil

Tá Comhairle Contae Lú tar éis ceannródaíocht a dhéanamh ar an gClár



Contae Aoisbháúil agus é mar bhonn eolais faoi straitéisí agus pleananna náisiúnta.

Féachann an Straitéis Náisiúnta um Aosú Dearfach lena chinntiú go mbeidh Éire ina sochaí do gach aois, a cheiliúránn agus a ullmhaíonn i gceart le haghaidh aosú an duine aonair agus an daonra, rud a chuirfidh ar chumas gach duine taitneamh a bhaint as sláinte choirp agus mheabhrach, agus folláine.

Chinn Coiste Forbartha Pobail Áitiúil Lú (LCDC) an Clár Contae a Thacaíonn le hAois a leabú mar thosaíocht sa LECP. Uaidh seo, d'fhorbair an *Plean Aoisbháúil Chontae Lú 2017-2022* ina bhfuil 5 aidhm ag díriú ar Thimpeallacht Inbhuanaithe Nasctha, Sláinte & Folláine, Pobail Uilechuimsitheacha, Nuálaíocht agus Fiontar agus Tacaíocht.

#### Cuspóir Beartais

<b>SP 5</b>	Cuidiú le cur chun feidhme an <i>Plean Aoisbháúil Chontae Lú 2017-2022</i> agus aon Phlean ina dhiaidh sin a ullmhófar le linn shaolré an Phlean Forbartha.
-------------	---

#### Cuspóir Beartais

<b>SP 6</b>	A chinntiú go gcomhtháthaítear straitéisí aoisbháúla agus straitéisí a thacaíonn le teaghlaigh i ngach comharsanacht nua lena n-áirítear soláthar do shaintréitheachtaí solúbtha tithíochta, foirgnimh agus spásanna oscailte atá deartha ionas gur féidir le gach duine, lena n-áirítear daoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas, agus daoine le leanaí níos óige bogadh timpeall gan stró, agus scaradh agus deighilt á seachaint.
-------------	---

### 4.5 Áiseanna Pobail agus Bonneagar Sóisialta

Is cuid thábhachtach í soláthar bonneagair phobail agus shóisialta ar ardchaighdeán, in áiteanna oiriúnacha, agus in éineacht le tithíocht agus forbairt eile tábhachtach do gach aois agus cumas, chun pobail shláintiúla inbhuanaithe, pleanáilte i gceart, a thógáil.



Is féidir le háiseanna lena n-áirítear ionaid phobail, ionaid spóirt, leabharlanna, áiseanna cúram leanaí agus clóis súgartha a bheith mar chroílár na bpobal a bhfreastalaíonn siad orthu agus ionaid a sholáthar d'imeachtaí áitiúla spóirt, cultúrtha, pobail, oideachais agus sóisialta.

Freastalaíonn raon leathan bonneagair phobail agus shóisialta ar Lú.

Mar sin féin, leis na réamh-mheastacháin daonra méadaithe don Chontae mar a shainaithnítear iad san Ordlathas Lonnaíochta, agus le príomhfhócas an fháis seo dírithe ar dhá Ionad Fáis Réigiúnacha Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan, beidh gá le háiseanna breise pobail agus bonneagar sóisialta a sholáthar go tráthúil. Leagann an RSES amach cur chuige bunaithe ar shócmhainn maidir le suíomh straitéiseach na forbartha cónaithe nua.

Féachann an Plean seo le fás suntasach a dhíriú ar Ionaid Fáis Réigiúnacha Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan agus mar thoradh air sin aithníonn sé go bhfuil soláthar áiseanna pobail ar ardchaighdeán, i gceantair atá ann cheana agus i mbéal forbartha, ina ghné lárnach i bhforbairt pobail inbhuanaithe agus le cuimsiú sóisialta agus torthaí sláinte dearfacha a chothú. .

Tarraingíonn na Treoirlínte d'Údaráis Phleanála ar Fhorbairt Chónaithe Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha aird ar an ngá le forbairt a chéimniú ar aon dul le hinfhaighteacht bonneagair shóisialta agus phobail riachtanach mar scoileanna agus áiseanna eile agus na háiseanna a lonnú in áiteanna a mbainfidh uasúsáid astu. Áirítear leis seo inrochtaineacht a chur chun cinn ar iompar poiblí, siúl agus rothaíocht, rochtain éasca a éascú d'úsáideoirí de gach aois agus cumas agus cumas oiriúnaithe.

Tá áiseanna ag go leor grúpaí pobail, áiseanna ar féidir leo freastal ar raon éagsúil gníomhaíochtaí. Spreagfaidh an Chomhairle soláthar áiseanna ilfheidhmeacha ar féidir le grúpaí pobail iad a roinnt mar aon le braisliú áiseanna ag láithreacha oiriúnacha, a fheabhsóidh a n-inmharthanacht agus a n-inrochtaineacht.

Féachann an Plean seo lena chinntiú go gcuirtear raon oiriúnach áiseanna pobail ar fáil i ngach pobal, ag cur san áireamh spriocanna fáis agus próifílí daonra a shainaithnítear sa Chroí-Straitéis.

## 4.6 Measúnú ar Bhonneagar Sóisialta

Beidh Measúnú ar Bhonneagar Sóisialta ag gabháil le gach iarratas nua ar fhorbairt chónaithe ar thailte níos mó ná 1ha nó ar feadh 100 aonad nó níos mó chun a fháil amach an leor áiseanna sa cheantar chun soláthar a dhéanamh do gach cónaitheoir sa todhchaí.

Nuair a shainaithnítear easnaimh, ba cheart go léireodh an measúnú an chaoi a dtabharfar aghaidh orthu, trí sholáthar díreach ar an láithreán, nó trí mhodhanna eile agus ar bhealach, a mheastar a bheith inghlactha ag an gComhairle.

### Cuspóir Beartais

<b>SP 7</b>	Tailte a chur in áirithe d'áiseanna sóisialta agus pobail agus soláthar áiseanna a spreagadh atá oiriúnach do ghníomhaíochtaí idirghlúine atá inrochtana ag gach ball den phobal in áiteanna iomchuí.
-------------	---

### Cuspóir Beartais

<b>SP 8</b>	Tacú le soláthar áiseanna sóisialta, pobail, cultúrtha agus áineasa atá inrochtana go héasca agus a chinntiú go bhfuil rochtain ag gach pobal agus gach aois ar raon saoráidí a fhreastalaíonn ar riachtanais na bpobal a bhfreastalaíonn siad orthu, atá comhtháite go fisiciúil le ceantair chónaithe agus fostaíochta agus cuirtear forbairt chónaithe nua ar fáil i gcomhthráth.
-------------	--

### Cuspóir Beartais

<b>SP 9</b>	Tacú le comhroinnt agus cnuasú áiseanna sóisialta agus pobail ag láithreacha oiriúnacha chun inmharthanacht agus inrochtaineacht na n-áiseanna seo a fheabhsú.
-------------	--

### Cuspóir Beartais

<b>SP 10</b>	Seasamh in aghaidh chailliúint na n-áiseanna sóisialta agus pobail atá ann cheana, nó aon áiseanna spóirt lena n-áirítear páirceanna imeartha mura bhfuil roghanna malartacha sásúla ar fáil in áiteanna oiriúnacha.
--------------	--

### Cuspóir Beartais

<b>SP 11</b>	A éileamh go mbeidh Measúnú ar Bhoneagar Sóisialta ag gabháil le gach iarratas nua ar fhorbairt chónaithe ar thailte níos mó ná 1ha nó ar feadh 100 aonad nó níos mó chun a fháil amach an leor áiseanna pobail sa cheantar chun soláthar a dhéanamh do gach cónaitheoir sa toadhchá. Nuair a shainaithnítear easnaimh beidh gá le tograí chun dul leis an iarratas pleanála chun aghaidh a thabhairt ar an easnamh, trí sholáthar díreach ar an láithreán nó trí mhodhanna eile, agus ar bhealach a nglacfaidh an Chomhairle leis.
--------------	---

### Cuspóir Beartais

<b>SP 12</b>	Breithniú a dhéanamh ar an éagsúlacht chultúrtha agus ar na mionlaigh eitneacha agus iad ag pleanáil do riachtanais na bpobal agus a chinntiú go bhfuil áiseanna pobail agus seirbhísí sóisialta a chuirtear ar fáil inrochtana do gach duine, pobal agus earnáil den tsochaí.
--------------	--

## 4.7 Fóillíocht Allamuigh



Tá spásanna agus áiseanna áineasa lasmuigh riachtanach do shláinte agus folláine na ndaoine atá ina gcónaí i gContae Lú. Is cuid lárnach de chruthú pobail rathúla inbhuanaithe iad áiseanna a sholáthar a fhreastalaíonn ar éilimh daonra atá ag méadú agus atá inrochtana ag gach earnáil agus aoisghrúpa.

Is áiteanna iontacha iad an timpeallacht nádúrtha agus spásanna áineasa agus taitneamhachtaí atá ar fáil i Lú ar nós tránna, aibhneacha, sléibhte, foraoisí agus cosáin le haghaidh spóirt agus fóillíocht allamuigh, idir ghníomhach agus éighníomhach.

Ní mór na taitneamhachtaí nádúrtha seo a mhéadú le páirceanna, páirceanna imeartha, clóis súgartha agus líonraí glasa le haghaidh siúl agus rothaíocht ar chóir go mbeadh rochtain éasca ag pobail uile an Chontae orthu, daoine faoin tuath agus daoine in áiteanna uirbeacha.

Cuid dhílis den soláthar bonneagair ghlais ar ardchaighdeán do phobail is ea spás oscailte inrochtana a sholáthar agus is gné thábhachtach é sa Straitéis Bonneagair Ghlais don Chontae.

Comhlíonann spásanna oscailte, idir phoiblí agus phríobháideach, raon feidhmeanna i dteannta le caitheamh aimsire, mar shampla gnáthóga agus bithéagsúlacht a chosaint, bainistíocht draenála agus taitneamhacht amhairc a sholáthar.

Is acmhainní tábhachtacha don spórt iad páirceanna imeartha agus spásanna oscailte eile, rudaí a chuireann go mór le caitheamh aimsire gníomhach agus éighníomhach. D'fhonn freastal ar dhaonra atá ag méadú agus freastal ar riachtanais na ndaonraí atá ann cheana agus na todhchaí, seasfaidh an Chomhairle i gcoinne chailliúint na bpáirceanna imeartha, na bpáirceanna agus na spásanna oscailte áineasa eile atá ann cheana.

Cinntoidh an Chomhairle go ndéanfar tailte leordhóthanacha a chriosú chun saoráidí fóillíochta agus spóirt allamuigh a fhorbairt, ar cheart go mbeadh an rochtain chéanna ag gach duine orthu lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas, daoine le riachtanais speisialta, daoine scothaosta, an óige, grúpaí imeallaithe agus grúpaí faoi mhíbhuntáiste.

#### 4.7.1 Spás Oscailte agus Páirceanna

Tá sé ríthábhachtach spásanna oscailte poiblí a sholáthar do dhaoine de gach aois agus leibhéal aclaíochta chun pobail inbhuanaithe rathúla shláintiúla a chruthú. Tá ról lárnach ag spásanna oscailte freisin maidir le sainiúlacht comharsanachta a fheabhsú agus cur le cáilíocht bheatha na gcónaitheoirí agus na gcuariteoirí araon. Beidh gá le spásanna oscailte agus áiseanna áineasa gaolmhara a sholáthar mar chuid de dheardh na forbartha nua.

Glacfaidh an Chomhairle cur chuige ordlathach níos réamhghníomhaí freisin chun soláthar cothrom páirceanna agus spásanna oscailte de mhéideanna agus feidhmeanna éagsúla a dháileadh ar fud an Chontae, a rachaidh chun leasa gach pobail.

##### Cuspóir Beartais

<b>SP 13</b>	A chinntiú go n-aithnítear go leor talún chun éagsúlacht spásanna oscailte poiblí a sholáthar ar bhonn ordlathach ar fud an Chontae d'fhonn rogha de spás oscailte gníomhach, éighníomhach, fóillíochta agus taitneamhachta a bhaint amach a oireann do gach duine.
--------------	---

##### Cuspóir Beartais

<b>SP 14</b>	Cur i gcoinne chailliúint an spáis oscailte poiblí atá ann, mura bhfuil roghanna malartacha sásúla ar fáil in áiteanna oiriúnacha.
--------------	--

**Cuspóir Beartais**

**SP 15** Ceantair spáis oscailte agus conairí glasbhealaí a phleanáil agus a spreagadh ar bhonn ilfheidhmeach a ionchorpraíonn bearta chun éiceachórais, bearta athraithe aeráide a chur chun cinn agus a chosaint agus chun príomhghnéithe tírdhreacha lena n-áirítear cúinsí seandálaíochta a ionchorprú ina ndearadh.

**4.7.2 Áiseanna Súgartha do Leanáí**

Aithníonn an Chomhairle an gá atá le deiseanna áiseanna súgartha do leanáí a uasmhéadú. *'Ar Marc, Réidh, Bí ag Súgradh!* Féachann *'An Beartas Náisiúnta Súgartha'(2019)* le feacht a mhúscailt faoi thábhacht na súgartha agus cur le leathnú na n-áiseanna súgartha. Baineann an Polasaí Náisiúnta Súgartha seo le deiseanna súgartha níos fearr a chruthú do leanáí.

Tacóidh an Chomhairle le clóis súgartha a sholáthar i gcatagóirí éagsúla criosaithe úsáide talún nuair is cuí.



**Cuspóir Beartais**

**SP 16** Tacú le clóis súgartha a sholáthar i gcatagóirí éagsúla criosaithe úsáide talún nuair is cuí.

**Cuspóir Beartais**

**SP 17** A éileamh go soláthrófar gnéithe súgartha is féidir a úsáid mar áiseanna fóillíochta i ngach forbairt tithíochta nua ina bhfuil 100 aonad cónaithe nó níos mó.

**Cuspóir Beartais**

**SP 18** An raon deiseanna súgartha poiblí atá ar fáil do gach leanbh a uasmhéadú.

**4.7.3 Áiseanna Spóirt**

Tá réimse leathan spásanna fóillíochta nádúrtha, bonneagar spóirt agus deiseanna gníomhaíochta coirp ag Lú, ar fáil do rannpháirtithe féideartha ar fud gach cuid den tsochaí.

Tá sé mar aidhm ag Comhpháirtíocht Spóirt Áitiúil Lú (LLSP) a bheith ar thús cadhnaíochta i gcur chun cinn agus i bhforbairt na ngníomhaíochtaí seo, ag tacú le rannpháirtíocht inbhuanaithe do gach duine, ar leibhéal a roghnaíonn siad agus ó gach aois agus ó gach cúlra sóisialta.



Ag obair le daoine eile, aithníonn sí riachtanais rannpháirtíochta spóirt an Chontae agus féachann sí le cláir a bhaint amach, a fhreastalaíonn ar na riachtanais seo, ag díriú go príomha ar fhorbairt spóirt fóillíochta nó rannpháirtíochta sa Chontae.

D'fhoilsigh an LLSP *'Plean Straitéiseach Chomhpháirtíocht Spóirt Áitiúil Chontae Lú 2018-2022'*, a leagann béim ar an ngá atá le comhoibriú i dteannta leis an tábhacht a bhaineann le líonrú agus comhroinnt áiseanna.



Is é ról straitéiseach an LLSP ná cabhrú le daoine eile, clubanna, phobail, earnáil na spóirt tráchtála agus daoine aonair, mar shampla, oibriú de réir na gcaighdeán rialachais agus freagairt do riachtanais spóirt áitiúla agus deiseanna forbartha spóirt.

#### Cuspóir Beartais

<b>SP 19</b>	Tacú le cuspóirí <i>Plean Straitéiseach Chomhpháirtíocht Spóirt Áitiúil Chontae Lú 2018-2022</i> agus aon Phlean ina dhiaidh sin a ullmhófar le linn shaolré an Phlean Forbartha.
--------------	---

#### Cuspóir Beartais

<b>SP 20</b>	Tacú agus éascú a dhéanamh ar sholáthar, feabhsú agus leathnú áiseanna spóirt agus fóillíochta, go háirithe trí chriosú úsáide talún, nuair is iomchuí.
--------------	---

## 4.8 Áiseanna Ealaíon agus Cultúir

Tá oidhreacht chultúrtha éagsúil agus éagsúil ag Lú agus tá sé tábhachtach d'fhéiniúlacht an Chontae go ndéantar í seo a chosaint agus a chur chun cinn.

Tá soláthar agus feabhsú bonneagair ealaíon agus cultúrtha ríthábhachtach d'fhorbairt shocheacnamaíoch leanúnach agus bunúsach do shláinte, folláine agus rath an Chontae.

Tacaíonn agus cuireann Comhairle Contae Lú deiseanna ar fáil do gach duine páirt a ghlacadh i saol cultúrtha an Chontae trí sholáthar bonneagair ealaíon agus cultúrtha inbhuanaithe atá dea-bhainistithe a éascú, atá oiriúnach do gach aois agus trí chur chuige dearfach a ghlacadh i leith forbairt áiseanna cultúrtha.

Mar aitheantas ar luach an chultúir, d'ullmhaigh an Chomhairle a *Straitéis Cultúir agus Cruthaitheacht 2018-2022* chun saol cultúrtha agus cruthaitheach a shaoránach a neartú don tréimhse.

Cuimsíonn an bonneagar ealaíon agus cultúrtha atá ann i Lú amharclanna, músaem, ionaid cheoil, taibhiú, spásanna ealaíon agus taispeántais, dánlanna agus ceardlanna. Tacaíonn an Chomhairle le forbairt leanúnach na nEalaíon ag leibhéal áitiúil agus féachann sí go gníomhach le deiseanna a chur chun cinn do gach duine a chónaíonn, a oibríonn agus a thugann cuairt ar an gContae, chun dul i mbun na nEalaíon mar chruthaitheoirí, rannpháirtithe agus lucht féachana.

Oibríonn Seirbhís Ealaíon Chomhairle Contae Lú i gcomhar lena comhpháirtithe straitéiseacha, i dtreo sochaí, a bhfuil meas aici ar na healaíona agus a aithníonn an chaoi a gcuireann siad le daoine aonair agus leis an bpobal. Trí thacaíocht a thabhairt dóibh siúd a chruthaíonn ealaín, cuirfear feabhas ar cháilíocht na beatha agus ar shaibhreas na gcultúr i Lú.

Tá Comhairle Contae Lú tiomanta do sheirbhísí ealaíon a fhorbairt a neartaíonn, agus a thugann guth do scéalta agus d'eispéiris gach cearn de Lú.

Oibríonn an tSeirbhís Ealaíon ar fud cúig phríomhréimse:

- Na hEalaíona Forbartha agus Pobail, Cláreagrú;
- Maoiniú agus Comhpháirtíocht;
- Pleanáil;
- Faisnéis; agus
- Comhairle.

Tacaíonn an tSeirbhís Ealaíon in éineacht leis an *gClár Éire Ildánach (2018 - 2022)*, le cruthaitheacht ar leibhéal an phobail, trí thionscadail a thionscnamh ina ndéantar ealaín lasmuigh d'ionaid fhoirmiúla, mar thionscadail agus cónaitheachtaí ealaíon in oideachas.

Maidir le tacaíocht airgeadais a thabhairt d’ealaíontóirí agus do phobail, soláthraíonn an Oifig Ealaíon raon bliantúil deiseanna maoinithe oiriúnaithe lena n-áirítear an Deontas faoin Acht Ealaíon, *Drama League of Ireland Award*, *School Musical Instrument Bursary* agus *Tyrone Guthrie Centre Bursary*.

Tacaíonn an tSeirbhís Ealaíon le healaíontóirí, tionscnaimh ealaíon agus bonneagar na n-ealaíon i gContae Lú, ag obair i dtreo staid ina mbeidh fáil ar na hEalaíona agus rannpháirtíocht iontu ina rogha fíor luachmhar do shaoránaigh uile an Chontae.

Aithnítear agus tacaítear le tábhacht na nEalaíon agus an Chultúir agus an rochtain orthu san RSES, agus leis na Cuspóirí Beartais Réigiúnacha a bhaineann leo. Bhí an Plean i gceapadh a Chuspóirí Beartais de réir an RSES.

#### 4.8.1 Ealaín Phoiblí

Is féidir le hEalaín Phoiblí cuidiú le mothú áite a fhorbairt agus tugann sí féiniúlacht agus carachtar saintréitheach do phobal. Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag aithint agus ag cur i bhfeidhm ‘Per Cent for Art Schemes’ a ghabhann le forbairt caipitil, bonneagair agus foirgneamh atá maoinithe go poiblí, de réir mar is cuí.



Ba cheart dul i gcomhairle leis an gComhairle maidir le deiseanna d’ealaín bhuan a bhunú a léiríonn oidhreacht an cheantair a léiriú agus croílár na mbailte, na sráidbhailte agus na bhforbairtí a fheabhsú.

#### Cuspóir Beartais

**SP 21** Tacú agus éascú a dhéanamh ar sholáthar, ar fhorbairt agus ar inbhuanaitheacht bhonneagair ealaíon agus chultúir ag láithreacha oiriúnacha ar fud an Chontae agus atá inrochtana ag gach ball den phobal.

#### Cuspóir Beartais

**SP 22** Leanúint ar aghaidh ag cur leis an réimse poiblí trí sholáthar ealaíne poiblí a spreagadh ar fud gach foirm ealaíne agus ar fud an Chontae, le tacaíocht ón *Percent for Art Scheme*.

### 4.9 Seirbhís Leabharlainne Lú

